Iarsmalann Uladh

Mapa







Eochair an tSuímh:

07 Na Trioblóidí
11 An Armáid
(Cinniúint an Girona)
12 Naoimh agus Scoláirí
(Éire sa Mheánaois)
15 An Oighearaois
21 An Domhan Beo
33 Dánlann Ealaíne Feidhmí George and Angela Moore

Ionad Fáilte
Ionad Ealaíne
Ionad Nádúir
Ionad Staire
Radharc Ar An Domhan

Tabhair cuairt ar an siopa ar urlár na talún.

Ná déan dearmad cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín na hiarsmalainne chun tuilleadh eolais a fháil faoinár gcuid imeachtaí, taispeántas, uaireanta oscailte agus faoi bhuaicphointí ár mbailiúcháin

www.nmni.com

Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann

Iarsmalann Uladh

taiscéal/triail/bain taitneamh as

Treoirleabhar na n-Ábhar nach bhfuil Mórán Eolais ann fúthu

Seo roinnt ábhar nach bhfeiceann tú gach lá – iasc ón aibhéis a deirtear atá díofa, saothair ghloine faobhar gearrtha agus bunreacht reibiliúnach. Freagair é seo dom – má thagann gach duine chun na hábhair nach bhfuil Mórán Eolais ann fúthu a fheiceáil, an mbeidh Go Leor eolais fúthu ina dhiaidh sin.

3665G NMNI GG Lesser Known-IRISH.indd 1 30/09/2009 14:13:11

Bunreacht 1916

Doiciméad is ea Bunreacht1916 a chuir Óglaigh na hÉireann agus Arm Cathartha na hÉireann le chéile le linn Éirí Amach na hÉireann a thosaigh ar an 24 Aibreán 1916. D'fhógair an doiciméad go raibh neamhspleáchas bainte amach ag Éire ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus na hÉireann. Léigh Pádraig Mac Piarais amach é ag tús an Éirí Amach taobh Amuigh d'Ard Oifig an Phoist (GPO) ar Shráid Sackville, nó Sráid Uí Chonaill Baile Átha Cliath, mar a ghlaoitear uirthi sa lá atá inniu ann. Ar dtús báire, is beag aird a tugadh don Éirí Amach (i mBaile Átha Cliath ar Luan Cásca 1916) Rud a léiríonn é seo ná an chaoi a bhfuair Iarsmalann Uladh cóip den Bhunreacht. Dáileadh é ó chéimeanna Ard-Oifig an Phoist agus tugadh é d'fhear gnó as Béal Feirste. Thug sé don Iarsmalann é nuair a tháinig sé ar ais go Béal Feirste, agus é ag teacht chun solais cé chomh dáiríre agus a bhí an réabhlóid, réabhlóid a mbeadh neamhspleáchas na hÉireann mar thoradh uirthi.

Féach ar Bhunreacht 1916 Sna Trioblóidí (07).

Bunreacht 1916

An dara caimeo déag ó raic an *Girona*

Nuair a rinneadh tochailt don Girona sna 1960í, thángthas ar aon fheiste dhéag ór agus péarla agus ar gach sraith bhí caimeo lapis lazuli ar a raibh aghaidh impire na Róimhe. Bheadh na caimeonna i bhfoirm slabhra ornáideach do dhuine d'oifigigh an Girona. Mhaígh Robert Stenuit, ceannaire na chéad tochailte, go mba chóir go mbeadh caimeo eile chun an tsraith iomlán a chur le chéile. Tríocha bliain ina dhiaidh sin, sa bhliain 1997, tháinig tumadóir ar an dara caimeo déag. Fionnachtain ar leith a bhí ann. Cheannaigh An Ciste Ealaíne é d'Iarsmalann Uladh.

Féach ar an Dara caimeo déag ó raic an Girona ag an Armáid agus Cinniúint an Girona (11).

An Dara caimeo déag

Bróiste Chill Mhantáin

Ceann de na hábhair is déanaí a cuireadh le bailiúchán na hiarsmalainne ná an bróiste gleoite meánaoiseach a bhronn an Ciste Ealaíne ar Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann sa bhliain 2007. Tá an bróiste déanta as airgead teilgthe agus maisithe le cabhraí ardaithe agus éin chomáilte. Is bróiste Éireannach ar leith é a bhí in Éirinn ag deireadh an 9ú aois agus ag tús an 10ú aois. Rinneadh é chun clóca a cheangal agus siombail saibhris agus stádais a bhí ann. Cé go ndearnadh fáiscíní éadaigh as cré umha den chuid is mó roimhe sin in Éirinn, tugann bróistí cabhartha le fios go raibh níos mó airgid ar fáil le linn Ré na Lochlannach. Ní mhaireann ach 25 bróiste den chineál seo agus níl ach sampla amháin eile ag Iarsmalanna Náisiúnta Thuaisceart Éireann.

Féach ar Bhróiste Chill Mhantáin ag Naoimh agus Scoláirí (12).

Bróiste Chill Mhantáin

Toisc go bhfuil beagáinín níos mó ar eolas agat faoi na nithe nach bhfuil 'Mórán Eolais' ann fúthu, ná déan dearmad cuairt a thabhairt ar ár siopa, áit a bhfuil réimse leathan leabhar a chlúdaíonn réimse leathan topaicí, idir an tseandálaíocht agus an ealaín agus an nádúr agus an faisean. Tá réimse sainiúil seodra, ealaíon agus ceardaíochta ón gceantar áitiúil agus bréagáin do pháistí againn ar féidir leat féachaint orthu.

Mála Láimhe le by Karl Lagerfeld do Chloe, Earrach/Samhradh 1983.

Muscdhamh

Fuarthas an slaisire seo de Mhuscdhaimh, an Ovibos moschatos, go speisialta do thaispeántas Oighearaoise Iarsmalann Uladh. Is é an Muscdhamh an féaránach is mó atá san Artach thuaidh agus tá sé gaolta le gabhair agus caoraigh seachas beithígh. Sa lá atá inniu ann tá sé ina chónaí sa Ghraonlainn, i dTuaisceart Cheanada, i Spitzbergen agus Alasca. Ach uair amháin mhair sé san Eoraip Artach agus sa Rúis. Fuarthas conablaigh Muscdhamh a théann chomh fada siar le 75,000 bliain ó shin i gContae Aontroma. Is féidir a ghlacadh, mar sin, gur mhair an speiceas níos faide ó dheas nuair a bhí na hoighearaoiseanna ag barr a réime. Tá cóta tiubh ag an Muscdhamh a thugann cosaint ó fhuacht fhoircneach an gheimhridh. Tá luach ard ag baint lena chóta i measc mhuintir an Artaigh mar úsáidtear é chun hataí agus scaifeanna a dhéanamh.

Féach ar an Muscdhamh ag an Oighearaois (15).

Coelacanth

Fuaimnítear Coelacanth mar 'see-la-kanth'. Is iasc é a bhfuil cuma aisteach air, iasc nach bhfaightear a leithéid sa lá atá inniu ann. Ar feadh níos mó ná céad bliain, creideadh go raibh an Coelacanth díofa. Ach, sa bhliain 1938, cuireadh ionadh ar eolaithe nuair a rugadh ar Coelacanth beo amach ó chósta na hAfraice Theas. Fuarthas go leor iarsmaí de Coelacanths ach ní i gcarraigeacha atá níos óige ná 80 milliún bliain d'aois. Nuair a thángthas ar an iasc bhí súile an domhain dírithe ar an scéal agus glaodh 'fionnachtain bhitheolaíoch an chéid' air. - cosúil le dineasár a aimsiú! Rugadh ar an speiceas atá in Iarsmalann Uladh amach ó Oileáin Chomóra san Aigéan Indiach i nDeireadh Fómhair 1973 i 350 méadar domhain uisce. Meánn sé 30kg agus tá sé 1.2 méadar (4 troigh) ar fhad.

Féach ar an Coelacanth ag an Domhan Beo (21).

Ribín an tSaoil le David Hay

Cruthaíodh an t-ábhar iontach seo trí shraitheanna de ghloine dhifriúil a chur in aon phíosa amháin nuair a bhí an píosa á shéideadh ag an bhfoirnéis. Gearradh trí na sraitheanna daite seo chun leibhéil dhifriúla de thrédhearcacht agus de thoin datha a chruthú. Gaineamhroiseadh an píosa ar deireadh chun uigeacht dhromchla a chruthú. Rinne David Hay, duine de na déantóirí gloine is fearr san Astráil, Ribín an tSaoil. Is ráiteas láidir radhairc í de dhathanna, de spionnadh agus den saol agus is léir go bhfuair sé inspreagadh ó thírdhreach na hAstráile chun an píosa a dhéanamh. Rugadh é i Sasana sa bhliain 1961 agus oibríonn sé i gcomhar le healaíontóirí gloine eile in Perth, Iarthair na hAstráile. Léiríonn Ribín an tSaoil an cur chuige pobail seo a bhaineann le déantús gloine ar ghné í de ghloine na hAstráile.

Féach ar Ribín an tSaoil ag Dánlann Ealaíne Feidhmí George and Angela Moore (33).

Coelacanth

Muscdhamh

Ribín an tSaoil

Toisc go dtagann athrú ar na taispeántais agus go dtugtar ábhar ar iasacht d'iarsmalanna eile, ní mór a thuiscint go bhfuil seans ann nach mbeidh cuid de na hábhair atá luaite sa treoirleabhar á dtaispeáint nuair a thagann tú ar cuairt.

Treoirleabhar na n-Ábhar nach bhfuil Mórán Eolais ann fúthu